



# An Garda Síochána

## Cáipéis Bheartais

### Scéim Cúitimh an Gharda Síochána

---

Dáta Éifeachtach	An 10 Aibreán 2023
Leagan Uimh.	1.0
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 022/2023 ón gCeanncheathrú
Úinéir an Bheartais	An Coimisinéir Cúnta, Rialachas agus Cuntasacht

## Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo struchtúr agus próisis shoiléire a sholáthar faoi chur i bhfeidhm Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 (dá dtagrófar anseo feasta mar ‘an tAcht). Bunaítear sa reachtaíocht seo an creat dlíthiúil do Scéim Cúitimh an Gharda Síochána (dá dtagrófar anseo feasta mar ‘an Scéim’) agus aisghairtear leis an iar-reachtaíocht. Leagtar ceanglais áiteanna san Acht ar an nGarda Síochána, an cinneadh tosaigh san áireamh le hiarratasóirí a cheadú isteach sa Scéim agus idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha, cosúil leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Teastaíonn an beartas seo agus na nósanna imeachta gaolmhara leis an eolas ábhartha a sholáthar do dhaoine a d’fhéadfadh bheith incháilithe cúiteamh a fháil faoin Scéim agus treoir eagraíochta a sholáthar.

Déanann an Scéim soláthar do chúiteamh do dhíobhálacha pearsanta (gortuithe is cúis le bás san áireamh) a rinneadh ar chomhalta reatha nó ar iarchomhalta den Gharda Síochána mar thoradh ar theagmhas mailíseach.

Nuair a bhí comhalta incháilithe an Gharda Síochána thíos le gortuithe pearsanta (gortuithe is cúis le bás san áireamh) mar gheall ar theagmhas mailíseach, d’fhéadfaidís a bheith incháilithe cúiteamh a fháil faoin Scéim. Is féidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána nó a gcleithiúnaithe iarratas a sheoladh laistigh de thréimhse sé mhí ón dáta a rinneadh an gortú nó a raibh eolas réasúnta faoin ngortú. I gcásanna ina ndéantar iarratais faoin Scéim lasmuigh den spriocdháta sé mhí, breithneoidh an Coimisinéir an t-iarratas agus déanfaidh sé/sí an cinneadh cibé acu an bhfuil sé le cur san áireamh nó a mhalairt. Ní chuimsítear comhaltaí foirne an Gharda Síochána nó comhaltaí d’Fhórsaí Póilíneachta eile a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána sa Scéim.<sup>1</sup>

## Scóip

Baineann an Beartas seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána. Baineann an Scéim le comhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor agus lena gcleithiúnaithe, i gcásanna áirithe. Áirítear Gardaí faoi Oilíúint leis an Scéim freisin.

## Ráiteas Beartais

Mínítear sna cáipéisí beartais agus nós imeachta conas a chuirfean an tAcht i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána. Is féidir eolas breise a lorg ó iarratasóirí faoi mar is gá leis na hoibleagáidí eagraíochta a chomhlíonadh chun éilimh a phróiseáil ar bhealach tráthúil. Tabharfar faoi shainchúram an Gharda Síochána faoin Acht go hoibiachtúil, go cothrom agus i gcomhréir leis an reachtaíocht. Beidh cinntí agus gníomhartha a dhéanfar maidir le hiarratas duine ar aon dul le Samhail Chinnteoireachta an Garda Síochána agus an Cód Eitice. Tá an beartas seo agus an nós imeachta a ghabhann leis ceaptha eolas soiléir a sholáthar ar na próisis a úsáidtear chun cáilitheacht iarratasóirí a dheimhniú chun an Scéim a iontráil. Riarfaidh Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána an Scéim thar ceann an Choimisinéara agus an Gharda Síochána.

Dírítear sa bheartas ar na próisis chúitimh a bhaineann le comhaltaí an Gharda Síochána a bhí thíos le gortú mar thoradh ar theagmhas mailíseach. Ní oibrítear an beartas seo leis féin, mar gheall go bhfuil tacaíocht eagraíochta bhreise ann do chomhaltaí an Gharda Síochána a gortaíodh i gcaitheamh dóibh tabhairt faoina ndualgas. Ba cheart go mbeadh cur amach ag comhaltaí ar na seirbhísí cúnaimh d’fhostaithe agus ar na beartais sláinte agus sábháilteachta atá lánach maidir le cur chuige iomlánaíoch a sholáthar chun tacú leo siúd a ghortaítear i gcaitheamh dóibh tabhairt faoina ndualgais.

Ceanglaítear sa reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, i gcomhar le beartais eagraíochta, ar Phearsanra uile an Gharda Síochána timpistí / gortuithe agus eachtraí baolacha ag an obair a thuirisciú dá maoirseoir. Déanfar an tuairisciú láithreach nó a luaithe is indéanta lena chur ar chumas bhainistíocht

<sup>1</sup> Féach Alt 18 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, arna leasú, chun teacht ar eolas d’Fhoireann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

an Gharda Síochána tabhairt faoin imscrúdú riachtanach ar an eachtra. Níor cheart go gcuirfeadh an chaoi go bhfuil comhalta ar shaoire bhreiteachta de bharr gortuithe a bhain dóibh nó neamhfháil a bheith ar thuairiscí liachta moill ar an imscrúdú ná freagrachtaí na bainistíochta áitiúla a laghdú na teagmhais seo a imscrúdú ó pheirspictíocht sláinte agus sábháilteachta.

## Breithnithe Ceart Daonna

Tagann an beartas seo freagrachtaí le freagrachtaí an Gharda Síochána faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach a leagan ar chomhlachtaí earnála poiblí idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn.

Príomhchuspóir póilíneachta é Cearta Daonna a léiriú, agus is é bunchloch na póilíneachta. Glacann Pearsanra an Gharda Síochána le ról ríthábhachtach lena chinntiú gur féidir le saoránaigh taitneamh a bhaint as a gcearta agus bheith saor ó fhoréigean, mí-úsáid agus coireacht. Cabhraíonn Pearsanra an Gharda Síochána chomh maith le timpeallacht a chaomhnú inar féidir le daoine maireachtáil gan eagla a bheith orthu agus taitneamh a bhaint as cearta agus saoirse eile. Léireoidh comhaltaí a thugann faoina bhfeidhmeanna ag gach tráth meas ar chearta pearsanta duine agus ar a d(h)ínit mar dhuine daonna agus ní chuirfeadh drochbhail d'aon sórt ar dhuine ar bith.

Braitheann úsáid chomhréireach cumhachtaí ar chinntí a bheith déanta tar éis breithniú a dhéanamh ar Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM) agus cinntíonn sé go bhfuil breithnithe Bunreachtúla agus Ceart Daonna i gcroílár gach cinnidh a dhéantar. Beidh mar chuspóir ag an gcleachtas seo, anuas ar mhaoriseacht éifeachtach ar úsáid, atá treoraithe ag naoi gcaighdeán an iompair agus an chleachtais laistigh den Chód Eitice, seasamh le Cearta Daonna iad siúd go léir a ndéanann an mhí-úsáid sin difear dóibh.

Tá breithniú ar na Cearta Daonna go léir i gcomhlíonadh Chreat Ceart Daonna na heagraíochta ríthábhachtach fad a thugtar faoi fhreagrachtaí agus dualgais a bhaineann le Scéim Cúitimh an Gharda Síochána.

## Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann comhaltaí uile an Gharda Síochána agus baill foirne uile an Gharda Síochána an beartas seo agus an nós imeachta a ghabhann léi a chomhlíonadh.

## Cáipéisí Gaolmhara

### Beartas, Nósanna Imeachta agus Reachtaíocht

- Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána.
- An Cód Eitice don Gharda Síochána.
- Beartas agus Nósanna Imeachta Bainistithe Timpistí/Gortuithe ag an Obair.
- Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí RGCS an Gharda Síochána.
- Treoir Uimh. 19/19 ón gCeanncheathrú – an Creat um Chearta Daonna.
- Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), Act 2022.
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Timpistí agus Teagmhais Bhaolacha a Thuairisciú), 2016.
- Acht an Gharda Síochána, 2005.
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.
- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta Acht, 2003.
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.
- Treoir 139/10 ón gCeanncheathrú Asláithreacht Breoiteachta a Bhainistiú.

## Foirmeacha

- Foirm 1A- Gortú is Cúis le Bás.
- Foirm 2A - Díobháil Phearsanta.
- Teimpléad Tuarascála Imscrúdaithe.
- Foirm Mheasúnaithe Leighis an PIAB.

## Naisc

- Leathanach Thairseach an Gharda Síochána.
  - Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána.
  - Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Beartas Sláinte agus Sábháilteachta.
  - Seirbhís Chúnamh d'Fhostaithe.
- Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána.
- An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## Beartas Reatha agus Cáipéis(i) Gaolmhara a Chealú agus a Ionadú

- Cód an Gharda Síochána 11.43, 11.44 agus 11.45.

## Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an mBeartas seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

## Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

## Athbheithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbheithniú ar an mbeartas seo agus ar cháipéisí gaolmhara 12 mhí ó dháta a éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

## Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

## An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar sonraí pearsanta ach ag pearsanra údaraithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá.

## Aiseolas ar an gCáipéis Bheartais agus Nóis Imeachta

Tá Cuntas Saincheisteanna Beartais á choimeád ag an Aonad Comhordaithe Beartais agus Rialachais. Nuair a thiteann saincheisteanna féideartha amach maidir le cur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta a leagtar amach sa cháipéis seo, seol cuntas ar an gcéanna ar aghaidh, le do thoil, tríd an Oifig Roinne ábhartha chuig bosca ríomhphoist na Rannóige, [policy.governance@garda.ie](mailto:policy.governance@garda.ie). Cuirfear aighneachtaí Roinne i dtaifead sa Chuntas Saincheisteanna Beartais agus seoltar ar aghaidh iad chuig Úinéir an Bheartais go ndéanfar pé gníomh ina leith a mheastar is riachtanach.